

Clár

1.	Cad is Pinsean Easláine ann?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cad iad na coinníollacha ranníocaíochta árachais shóisialaigh?	3
4.	An gcuirtear an t-árachas sóisialach ó lasmuigh d'Éirinn san áireamh?	4
5.	Cad iad na coinníollacha leighis?	5
6.	Cé mhéid is féidir a fháil?	6
7.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	10
8.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	10
9.	An ndéanfar athbhreithniú ar an éileamh?	11
10.	Cad iad na sochair eile atá ar fáil?	11
11.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	13
12.	An féidir a bheith ag obair agus an Pinsean Easláine a fháil?	14
13.	An féidir an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a fháil nó dul ar an gClár um Fhilleadh ar Oideachas?	15
14.	An leanfar de na híocaíochtaí tar éis bháis?	16
15.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	18

Eanáir 2016

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 18 chun na sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach é.

1. Cad is Pinsean Easláine ann?

Íocaíocht is ea an Pinsean Easláine do dhaoine árachaithe atá buan-éagumasach chun oibre de dheasca breoiteachta nó de dheasca éagumais.

2. Conas a cháilítear?

Chun cáiliú don Phinsean seo, ní mór duit coinníollacha árachais shóisialaigh (ÁSPC) agus coinníollacha leighis araon a chomhlíonadh.

3. Cad iad na coinníollacha ranníocaíochta árachais shóisialaigh?

Chun cáiliú don Phinsean Easláine, ní mór:

- 260 seachtain d'ÁSPC a bheith íochta go hiomlán agat **agus**
- 48 seachtaine d'ÁSPC a bheith íochta nó curtha chun sochair/creidmheasa* agat sa bhliain chánach iomlán dheireanach roimh d'éileamh.

Is é an tÁSPC a íoctar in Aicmí A, E agus H amháin a chuirtear san áireamh ó thaobh an Phinsin Easláine.

Thairis sin, mura bhfuil ranníocaíochtaí ináirithe íochta nó curtha chun sochair agat le dhá bhliain chomhleanúnacha anuas, ní féidir leat an Pinsean Easláine, nó ranníocaíochtaí curtha chun sochair, a fháil go dtí go mbeidh 26 cinn de ranníocaíochtaí cáiliúcháin íochta agat.

* Tá **‘Creidmheasanna’** cosúil leis na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íocann tú le linn duit a bheith i bhfostaíocht agus is iondúil go mbronntar iad ar an ráta céanna agus a bhain leis an ranníocaíocht dheireanach árachais shóisialaigh a d’íoc tú. Féadfaidh tú creidmheasanna a fháil nuair a bheidh íocaíocht leasa shóisialaigh á héileamh agat. Cabhraíonn na ‘creidmheasanna’ seo leat do theidlíochtaí ar shochair agus ar phinsin a chaomhnú sa todhchaí.

4. An gcuirtear an t-árachas sóisialach ó lasmuigh d’Éirinn san áireamh?

Mura gcáilíonn tú do Phinsean Easláine de bhun do ranníocaíochtaí Éireannacha amháin, is féidir feidhm a bhaint as ranníocaíochtaí a íocadh i dtíortha áirithe chun cabhrú leat cáiliú do Phinsean Easláine laghdaithe ó Éirinn.

Is iad na tíortha seo ná tíortha:

- atá faoi chumhdach na Rialachán CE, nó
- ag a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí le hÉirinn.

Is féidir go gcáileoidh tú do Phinsean Easláine **laghdaithe** ó Éirinn. Is féidir freisin go gcáileoidh tú do phinsean ón tír eile sin.

Ba chóir duit sonraí a thabhairt ar d’fhoirm iarratais d’aon fhostaíocht nó d’aon tréimhse chónaithe de do chuid féin nó de chuid do chéile nó do pháirtnéara shibhialta sna tíortha ar an liosta thíos. Cuirfimid na cáipéisí ábhartha chuig na húdaráis chuig slándála sóisialaí sa tír nó sna tíortha sin lena mbaineann, thar do cheann.

Is iad na tíortha atá faoi chumhdach na Rialachán CE nó faoi chumhdach Comhaontaithe Dhéthaobhaigh ná:

- | | | |
|---------------|------------------|----------------------|
| • An Astráil | • An Íoslainn | • Québec |
| • An Ostair | • Éire | • Poblacht na Cipire |
| • An Bheilg | • Oileán Mhanann | (An Chipir Theas) |
| • An Bhulgáir | • An Iodáil | • Poblacht na Cóiré |

- Ceanada
- Oileáin Mhuir nloch
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An tSeapáin
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe
- Stáit Aontaithe Mheiriceá

Lena chois sin, beidh siad in ann cinneadh a dhéanamh ar cibé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar pinsean a íoc leat.

5. Cad iad na coinníollacha leighis?

Chun cáiliú don Phinsean seo, ní mór duit:

- a bheith éagumasach chun oibre le 12 mhí anuas ar a laghad agus a bheith éagumasach chun oibre, de réir dealraimh, go ceann 12 mhí eile (is dealraitheach go mbeidh an Sochar Breoiteachta nó an Liúntas Míchumais á fháil agat i leith na tréimhse sin),

nó

- a bheith buan-éagumasach chun oibre (i gcásanna áirithe éagumais an-throim, is féidir leat aistriú go díreach ó íocaíocht leasa shóisialaigh eile nó ó do phost chuig an bPinsean Easláine).

Teastais Leighis:

Ní bhíonn teastais leighis uainn de ghnáth nuair a bhíonn an Pinsean Easláine á íoc. Má bhíonn siad uainn, áfach, iarrfaimid ort iad a chur chugainn sa Roinn.

6. Cé mhéid is féidir a fháil?

Tá an Pinsean Easláine comhdhéanta de ghnáthrata pearsanta duit féin agus méideanna breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe. Ní laghdófaí do ráta pearsanta mar gheall ar aon ioncam eile, aon choigilteas eile ná aon phinsean ceirde eile a d'fhéadfadh a bheith agat. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Cé atá ina dhuine fásta cáilithe?

Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí le duine eile, is féidir go bhfaighidh tú liúntas dó/di mar dhuine fásta cáilithe. Má tá leanaí agat atá ina gcónaí leat agus más duine singil, baintreach (fir), páirtnéir sibhialta marthanach no duine idirscartha thú, is féidir go bhfaighidh tú liúntas do dhuine, atá 16 bliana d'aois nó os a chionn sin, atá ag tabhairt aire do do leanbh/leanaí, ar chuntar go bhfuil an duine seo ina chónaí leat agus go bhfuil tú á c(h)othabháil.

Ní bhfaighidh tú méadú do dhuine fásta cáilithe:

- má tá ollioncam os cionn méid áirithe aige/aici (féach an nóta thíos),

nó

- má fhaigheann sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)eart féin (ach amháin Sochar Míthreorach, Liúntas Forlíontach Leasa nó Sochar Linbh),

nó

- má tá sé/sí dícháilithe ó Liúntas nó ó Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a fháil mar gheall ar a bheith páirteach in aighneas ceirde,

nó

- má tá sé/sí ag glacadh páirte i gcúrsa oiliúna lánaimseartha de chuid FÁS/SOLAS nach cúrsa ceardaíochta é.

Tabhair faoi deara

- Má tá ollioncam nó olltuilleamh €100.00 nó níos lú ná sin sa tseachtain ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, gheobhaidh tú méadú iomlán do dhuine fásta cáilithe. Má tá ollioncam nó olltuilleamh do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora idir €100.00 agus €310.00 sa tseachtain, gheobhaidh tú liúntas laghdaithe dó/di.
- Cuimsíonn ioncam tuilleamh ó fhostaíocht nó ó fhéinfhostíocht, ó phinsean ceirde, ó chíos as maoin, ó choigilteas agus ó infheistíochtaí.

Má shealbhaíonn do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir coigilteas, infheistíocht nó maoin nach ligtear ar cíos ach ar féidir brabús a bhaint as/aisti (seachas a n-áit chónaithe féin), measúnaítear an caipiteal mar seo a leanas:

Caipiteal:	Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear:
An Chéad €20,000	Dada
€20,000 - €30,000	€1 sa €1,000
€30,000 - €40,000	€2 sa €1,000
Os cionn €40,000	€4 sa €1,000

Má tá maoin i gcomhsheilbh (ag lánúin mar shampla), áirítear leath luach na sócmhainne a bheith i seilbh gach duine acu.

Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is é atá i leanbh cáilithe ná leanbh atá suas le 18 mbliana d'aois a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á chothabháil agat. Uaireanta, is féidir le leanbh nach gcónaíonn leat a bheith ina leanbh cleithiúnach agat má tá tú ag cothabháil an linbh sin. D'fhéadfá Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil dó/di.

Meastar freisin gur cleithiúnaí agat leanbh atá os cionn 18 mbliana d'aois agus atá á chothabháil agat:

- ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an t-oideachas dara leibhéal a fhágáil,

nó

- ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an Ardeistiméireacht a chríochnú,

nó

- go dtí deireadh na bliana acadúla ina sroicheadh sé/sí 18 mbliana d'aois ar chuntar go bhfreastalaíonn sé/sí ar chúrsa lánaimseartha staidéir de ló i scoil, i gcoláiste nó in ollscoil.

Ó Iúil 2012, is féidir leat Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil do leanbh atá suas le 22 bhliain d'aois má tá an leanbh in oideachas lánaimseartha. Má shroicheadh leanbh 22 bhliain d'aois le linn dó/di a bheith in oideachas lánaimseartha, féadfaidh tú an Méadú um Leanbh Cáilithe a fháil go ceann na coda eile den bhliain acadúil sin.

Ní bhfaighidh tú an Méadú um Leanbh Cáilithe má fhaigheann do leanbh:

- íocaíocht leasa shóisialaigh dá cheart féin (ach amháin an Sochar Míthreorach),

nó

- má fhaigheann tú nó do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir an Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) nó an Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach).

Cén ráta den Mhéadú um Leanbh Cáilithe is féidir a fháil?

Gheobhaidh tú an Méadú **iomlán** um Leanbh Cáilithe:

- má cháilíonn tú do mhéadú do do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

Gheobhaidh tú **leath** an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe:

- mura gcáilíonn tú do mhéadú do do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir,

nó

- má fhaigheann do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)eart féin. Sa chás seo, gheobhaidh do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe in éineacht lena (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe in éineacht le do Phinsean Easláine.

Ní bhfaighidh tú an Méadú um Leanbh Cáilithe:

- má fhaigheann do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir ioncam nó tuilleamh ar fiú níos mó ná €400 sa tseachtain é. Níl feidhm aige seo ach maidir le héilimh atá faighte ar 5 Iúil 2012 nó i ndiaidh an dáta sin.

7. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir an Pinsean Easláine a íoc leat go seachtainiúil:

- i d'oifig áitiúil an phoist trí Chárta Seirbhísí Sóisialacha, **nó**
- trí íocaíocht dhíreach le do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais.

Ag dul chun cónaithe thar lear

Is féidir an Pinsean Easláine a íoc ar an gcoigríoch trí íocaíocht dhíreach le hinstitiúid airgeadais. Má tá sé de rún agat dul chun cónaithe thar lear, déan teagmháil le Rannóg na nÍocaíochtaí Pinsin Easláine ag an seoladh thíos, le do thoil.

Rannóg na nÍocaíochtaí Pinsin Easláine

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Tithe an Rialtais

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Guthán: (043) 334 0000

Íosghlao: 1890 92 77 70

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 43 3340000.

Gheobhaidh tú d'íocaíocht san airgeadra áitiúil i do chuntas bainc gach 4 seachtaine (3 seachtaine i riaráiste agus seachtain amháin réamhíochta).

8. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Is féidir leat an Pinsean Easláine a fháil fad a bheidh tú éagumasach chun oibre. Cuirfear deireadh leis an íocaíocht, áfach, má fhaigheann tú aon phinsean eile ón Roinn seo (ach amháin an Sochar Míthreorach agus an Liúntas Cúramóra ar leathráta). Má cháilíonn tú do Phinsean Easláine agus má tá tú fós éagumasach chun oibre, leanfaidh an íocaíocht go dtí go sroichfidh tú do 66^ú breithlám. Ansin aistrefar go huathoibríoch thú chuig an bPinsean Stáit (Ranníocach).

9. An ndéanfar athbhreithniú ar an éileamh?

Le linn duit a bheith ag fáil an Phinsin Easláine, féadfaimid athbhreithniú a dhéanamh ar d'éileamh agus thú a ghlaoch chun measúnaithe leighis le duine dár Measúnóirí Leighis.

10. Cad iad na sochair eile atá ar fáil?

Má fhaigheann tú Pinsean Easláine, féadfaidh tú na sochair seo a leanas a fháil freisin:

- Saorthaisteal,
- Liúntas Breosla,
- Méadú um Chónaí Aonair,
- Pacáiste na Sochar don Líon Tí,
- Liúntas um Chónaí ar Oileán,
agus
- Liúntas Cúramóra agus Sochar Cúramóra.

Saorthaisteal

Má fhaigheann tú Pinsean Easláine, gheobhaidh tú Pas Saorthaistil go huathoibríoch, má chláraigh tú don Chárta Seirbhísí Poiblí. Murar chláraigh tú don Chárta Seirbhísí Poiblí, d'iarraí ort clárú sula n-eiseofaí do Chárta Saorthaistil chugat.

Is féidir go gcáileoidh tú do Phas Saorthaistil Chompánaigh má dheimhníonn dochtúir nach féidir leat taisteal leat féin. Ligeann sé seo d'aon duine amháin, atá 16 bliana d'aois nó os a chionn sin, taisteal i do theannta ar an iompar poiblí, saor in aisce.

Liúntas Breosla

Is féidir go bhfaighidh tú an liúntas seo a fháil ar feadh 26 seachtaine ó dheireadh Mheán Fómhair go hAibreán. Tá sé faoi réir coinníollacha áirithe, lena n-áirítear go bhfuil tú i do chónaí leat féin nó le daoine cáilithe áirithe **agus** go gcomhlíonann do líon tí tástáil acmhainne.

Méadú um Chónaí Aonair

Tá an méadú seo iníoctha má tá tú i do chónaí leat féin go príomha nó go hiomlán.

Pacáiste na Sochar don Líon Tí

Faoi réir coinníollacha áirithe, is féidir go gcáileoidh tú freisin do:

- Liúntas Leictreachais, Liúntas Gáis Nádúrtha nó Liúntas d’Athlán Gáis Bhuidéalaithe,
- Saorcheadúnas Teilifíse.

Liúntas um Chónaí ar Oileán

Tá an méadú seo iníoctha má chónaíonn tú de ghnáth ar oileán atá amach ó chósta na hÉireann, is cuma cén aois thú. Mura gcáilíonn tú do Phinsean Easláine ón Roinn seo agus má fhaigheann tú a macasamhail d’íocaíocht ó thír eile den Aontas Eorpach, is féidir go gcáileoidh tú don Liúntas um Chónaí ar Oileán.

Liúntas Cúramóra agus Sochar Cúramóra

Is féidir go bhfaighidh duine Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra chun aire a thabhairt duit má bhíonn gá agat le cúram agus aire lánaimseartha.

Tabhair faoi deara

Ó Mheán Fómhair 2007 is féidir go bhfaighfear an Liúntas Cúramóra ar leathráta de bhreis ar an bPinsean Easláine de do cheart féin a fháil nó má fhaigheann duine eile méadú um dhuine fásta cáilithe duit.

Chun a thuilleadh eolais ar na sochair eile seo a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

11. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Má tá tú buan-éagumasach chun oibre agus má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC agus leighis, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar Phinsean Easláine trí theagmháil a dhéanamh le:

Rannóg na nÉileamh Pinsin Easláine

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Tithe an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Guthán: (043) 334 0000

Íosghlao: 1890 92 77 70

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 43 3340000.

Rabhadh: Mura ndéanann tú éileamh in am, is féidir go gcaillfidh tú cuid den íocaíocht.

Teastais is gá a chur le d'éileamh

Cinntigh go gcuirfidh tú na teastais seo a leanas le d'éileamh. Ní gá teastais a chur chugainn má tharla an bhreith nó an pósadh, an pháirtnéireacht shibhialta nó an t-aontas sibhialta laistigh de Phoblacht na hÉireann:

- do theastas breithe (má rugadh thú lasmuigh de Phoblacht na hÉireann),
- teastas breithe do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora (má tá méadú dó/di á éileamh agat agus má rugadh é/í lasmuigh de Phoblacht na hÉireann),
- do theastas pósta, do theastas clárúcháin um páirtnéireacht shibhialta nó aontas sibhialta (ní gá seo ach má tá méadú do do chéile nó do pháirtnéir sibhialta á éileamh agat agus má phós tú nó má rinne tú páirtnéireacht shibhialta nó aontas sibhialta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann),
- teastais bhreithe do leanáí cáilithe (má tá Méadú um Leanbh Cáilithe á éileamh agat agus mura bhfaigheann tú Sochar Linbh dóibh agus má rugadh iad lasmuigh de Phoblacht na hÉireann).

Ní ghlacaimid le fótachóipeanna de theastais.

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP)

Ní mór duit d'Uimhir PSP, agus Uimhir PSP do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora a thabhairt. Ní mór duit freisin Uimhir/Uimhreacha PSP a thabhairt maidir le haon leanbh/leanaí a bhfuil sé i gceist agat íocaíocht a éileamh ina leith. Mura bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, le do thoil. Cuirfidh siad d'uimhir PSP in iúl duit. Mura bhfuil ceann agat, déarfadh siad leat cad a bheidh le déanamh agat chun ceann a fháil.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Tabhair faoi deara

Is féidir do Phinsean Easláine ar fad a áireamh mar ioncam chun críocha cánach. Déan teagmháil le d'Oifig Chánach áitiúil chun a thuilleadh eolais a fháil.

12. An féidir a bheith ag obair agus an Pinsean Easláine a fháil?

De réir na gcoinníollacha ó thaobh íocaíocht leantach an Phinsin Easláine, níor chóir duit aon obair a dhéanamh le linn duit an pinsean seo a fháil.

Is féidir go mbeidh tú, áfach, le **réamhchead i scríbhinn uainn**, a bheith díolmhaithe ón riail seo chun:

- cúrsa oiliúna a dhéanamh, a bhféadfaidh fostaíocht eile a bheith mar thoradh air, **nó**
- obair éadrom nó oiliúint éadrom a thosú, nach n-íocfaí luach saothair aisti de ghnáth.

Tabhair faoi deara

Ón 13 Feabhra 2012 is féidir go mbeidh tú intofa chun obair a dhéanamh agus Sochar Cumais Pháirtigh a fháil in ionad an Phinsin Easláine.

13. An féidir an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a fháil nó dul ar an gClár um Fhilleadh ar Oideachas?

Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Is féidir go bhfaighidh tú an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair má tá an Pinsean Easláine á fháil agat le 12 mhí anuas ar a laghad. Ligeann an scéim seo duit fillleadh ar an bhféinfhostaíocht agus cuid de d'íocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád go ceann 2 bhliain. Is féidir freisin go gcoimeádfaidh tú do chárta leighis agus do shochair thánaisteacha, faoi réir coinníollacha áirithe.

Rannóg an Liúntais Fhiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta

Lóiste na Sionainne

Cora Droma Rúisc

Contae Liatroma

Guthán: 071 96 72698

Clár um Fhilleadh ar Oideachas

Is éard atá sa Chlár um Fhilleadh ar Oideachas ná scéim do dhaoine a fhaigheann an Pinsean Easláine nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile ar feadh tréimhse áirithe ama. Cuireann an clár seo ar do chumas cúrsa faofa dara leibhéal nó tríú leibhéal a dhéanamh i scoil aitheanta nó i gcoláiste aitheanta agus fós íocaíocht a fháil. I dtaca le cúrsa dara leibhéal de, ní mór duit a bheith ag fáil an Phinsin Easláine le 3 mhí anuas ar a laghad. I dtaca le cúrsa tríú leibhéal de, ní mór duit a bheith ag fáil an Phinsin Easláine le 12 mhí anuas ar a laghad.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

14. An leanfar de na híocaíochtaí tar éis bháis?

Bás pinsinéara

Má fhaigheann tú bás le linn duit an Pinsean Easláine a fháil, leanfar den íocaíocht go ceann 6 seachtaine le do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir má chuimsigh an íocaíocht liúntas dó/di, nó má bhí íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)uid féin á fáil ag do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

Bás duine fhásta cháilithe

Má fhaigheann duine fásta cáilithe bás, leanfar den Mhéadú um Dhuine Fásta Cáilithe a íoc leat go ceann 6 seachtaine má chuimsíonn do Phinsean Easláine méadú dó/di.

Bás linbh cháilithe

Leanfar den Mhéadú um Leanbh Cáilithe a íoc leat go ceann 6 seachtaine tar éis bhás an linbh cháilithe.

Conas iarratas a dhéanamh ar íocaíocht 6 seachtaine tar éis bháis

Chun iarratas a dhéanamh ar íocaíocht 6 seachtaine tar éis bháis, cuirtear fógra faoi dháta an bháis chuig Rannóg na nÍocaíochtaí Pinsin Easláine (féach an seoladh ar leathanach 10).

Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

Má tá leanbh cáilithe amháin ar a laghad agat atá ina chónaí leat, is féidir leat Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a fháil nuair a fhaigheann do chéile nó do pháirtnéir sibhialta bás. Is féidir leat a thuilleadh eolais a fháil ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó ó:

Rannóg na mBaintreach, na mBaintreach Fir nó na bPáirtnéirí Sibhialta Marthanacha

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Guthán: (071) 91 57100

Íosghlao: 1890 500 000

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 71 9157100

15. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an **bPinsean Easláine** a fháil, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le **Rannóg an Phinsin Easláine** ag an seoladh a thugtar ar leathanach 13.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: (071) 919 3302
Íosghlao: 1890 66 22 44

Má tá tú ag glaach ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 71 91 93302.

- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile:

Liúntas Cúramóra	SW 41
Sochar Cúramóra	SW 49
Seicliosta do Phinsinéirí	SW 10
Saorthaisteal	SW 40
Pacáiste na Sochar don Líon Tí	SW 107
Méadú um Chónaí Aonair	SW 36
Scéim Náisiúnta Bhreosla	SW 17
Cumas Páirteach	SW 132
Rátaí Íocaíochta	SW 19
Deontas Cúraim Fhaoisimh	SW 113
Liúntas Forlíontach Leasa	SW 54

Leabhair ar fáil ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh**Teidlíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas**

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.